
# Gach lá cabhraíonn tusa leis na daoine is boichte ar domhan

ACHOIMRE AR AN bhFOILSEACHÁN

PÁIPÉAR BÁN UM CHÚNAMH ÉIREANN

RIALTAS NA hÉIREANN



"Is féidir leis an gcáiníocóir in Éirinn a bheith mórálach as an obair atá á dhéanamh ag Cúnamh Éireann sna tíortha is boichte ar domhan. Tá an deis ag Éirinn anois páirt níos mó a ghlacadh san iarracht le bochtaineacht a laghdú agus tá dualgas uirthi ina leith chomh maith. Athdhearbhaíonn an Páipéar Bán seo na luachanna agus na prionsabail atá mar bhonn is mar thaca ag an obair seo agus beidh sé mar threoir dúinn sna hiarrachtaí a dhéanfaimid amach anseo chun cuidiú leo siúd atá ar a ndícheall saol níos fearr a lorg dóibh féin agus dá leanaí."

– Chris Flood, Cathaoirleach, Coiste Comhairleach Chúnamh Éireann

# Gach lá cabhraíonn tusa leis na daoine is boichte ar domhan

Inniu, gheobhaidh 30,000 leanbh bás de ghalair ar féidir cosc a chur leo agus tá breis is 130 milliún leanbh ar domhan nach rachaidh ar scoil. Anocht, rachaidh os cionn 100 milliún duine a chodladh agus ocras orthu. Tá dualgas orainn cuidiú leo.

Éilíonn muintir na hÉireann go gcuideodh Éire leis an gcuid eile den domhan comhionannas a bhaint amach.

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh an Rialtais do na tíortha is boichte ar domhan. Seo cion na hÉireann chun troid in aghaidh na bochtaineachta domhanda agus is léiriú praiticiúil é ar ár luachanna mar náisiún.

Baineann an clár cúnaimh le muintir na hÉireann. Baineann an clár leatsa – agus ní fada go mbeidh os cionn €1 billiún á chur ar fáil gach bliain chun deireadh a chur le fulaingt agus le héagóir a bhfuil leath de phobal na cruinne faoina lé.


D'fhoilsigh an Rialtas an chéad *Pháipéar Bán um Chúnamh Éireann* i mí Mheán Fómhair 2006, mar threoir dúinn ar an gcaoi leis an airgead sin a chaitheamh. Is é atá sa *Pháipéar Bán* ná ráiteas maidir le beartas Rialtais, agus cuireann sé cúrsaí forbartha ag croílár bheartas eachtrach na hÉireann.

Cuireadh dearcadh agus tuairimí mhuintir na hÉireann san áireamh sa *Pháipéar Bán* – tuairimí a cuireadh in iúl in aighneachtaí agus ag cruinnithe poiblí a reáchtáladh ar fud na tíre. Leagtar amach sa *Pháipéar Bán* an clár cúnaimh éifeachtach cuntasach ar ardchaighdeán a éilíonn muintir na hÉireann agus atá ag dul dóibh.

Chuireamar romhainn sa *Pháipéar Bán* muintir na hÉireann a chur ar an eolas maidir leis an gcaoi a bhfuil an t-airgead seo á chaitheamh. Is é atá sa bhileog eolais seo ná achoimre ar an méid atá á dhéanamh ag Cúnamh Éireann ar do shon sa chomhiarracht atá á dhéanamh deireadh a chur le bochtaineacht ar fud an domhain.



**An tUasal Dermot Ahern T.D.**
An tAire Gnóthaí Eachtracha



**An tUasal Conor Lenihan T.D.**
An tAire Stáit um Chomhoibriú Forbartha agus Cearta Daonna

# Cad chuige ar chóir dúinn cúnamh a thabhairt?

Níl freagra ar bith eile ar an gceist sin ach gur chóir dúinn, go bhfuil gá leis agus gur féidir linn cúnamh a thabhairt do na daoine agus na tíortha is boichte ar domhan.

**Ba chóir dúinn** – mar go bhfuil sé de dhualgas morálta orainn amhlaidh a dhéanamh.

Maireann breis is ceithre bhilliún duine ar fud an domhain ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae. Gach lá, faigheann breis is 20,000 duine bás den ocras, nó ar chúiseanna eile a bhaineann le hocras. Is ionann sin agus an daonra i mbaile mór in Éirinn – agus iad ag fáil bháis gan ghá gach uile lá.

Toisc stair na tíre seo, go háirithe an gorta, tá tuiscint ar leith againn ar na deacrachtaí a bhíonn ag tíortha i mbéal forbartha. Mar phobal bhíomar i gcónaí flaithiúil agus tuigimid freisin go bhfuair Éire cúnamh a chuir le forbairt na tíre seo.

**Tá gá leis** – cuidíonn an cúnamh a chuirimid ar fáil le slándáil agus le rachmas an domhain, ar mhaithe linn uile.

Bíonn drochthionchar ag tearcfhorbairt i gcuid amháin den domhan ar an gcuid eile den domhan. Sáraíonn coinbhleacht, sceimhlitheoireacht, coireacht idirnáisiúnta, agus trádáil drugaí is airm aindleathacha na teorainneacha náisiúnta. Bochtaineacht is cúis leo uaireanta, agus uaireanta eile treisíonn bochtaineacht na fadhbanna sin.

**Is féidir linn** – is tír shaibhir chruthaitheach í Éire anois a bhfuil guth láidir aici. I 1981, b'ionann buiséad cúnaimh iomlán na hÉireann agus €22 milliún; in 2007 beidh buiséad cúnaimh €813 milliún againn. Tá sé níos mó ar ár gcumas ná mar a bhí riamh cúnamh a thabhairt.


> "Tugaimid cúnamh toisc gur chóir amhlaidh a dhéanamh. Is ar scáth a chéile a mhairimid, ní hamháin toisc go bhfuil an domhandú ár dtabhairt le chéile ach toisc gur daoine daonna muid uile. Is as seo a eascraíonn an fhreagracht atá orainn cuidiú leo siúd atá i ngátar."
>
> *– Páipéar Bán um Chúnamh Éireann*

# Gealltanas na hÉireann

Thug an Taoiseach gealltanas, ag na Náisiúin Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2005, go sroichfeadh Éire an sprioc a leag na NA amach don tír go mbeimis ag caitheamh 0.7% den Olltáirgeacht Náisiúnta ar Chúnamh Forbartha Coigríche Oifigiúil (ODA) faoin mbliain 2012.

Faoin taca sin, beidh an Rialtas ag caitheamh breis is **€1.5 billiún** sa bhliain – agus mar sin beidh Éire ar cheann de na tíortha is flaithiúla ar domhan.

### Leibhéil ODA na hÉireann 1996 - 2012 (€ i milliúin)




Éilíonn gealltanas chomh mór leis seo go ndéanfaimis ár ndícheall an t-airgead sin a chaitheamh ar bhealach fónta. Éilíonn sé go ndéanfaimis pleanáil go cúramach don todhchaí agus go gcuirfimis in iúl daoibhse, muintir na hÉireann, cá gcaithfear bhur gcuid airgid agus an chaoi a gcaithfear an t-airgead sin.


Is treoirphlean é an *Páipéar Bán um Chúnamh Éireann* don leathnú amach a dhéanfar ar an gclár sna blianta amach anseo.

# Cá mbíonn feidhm ag cúnamh na hÉireann?

- Tíortha Comhpháirtíochta
- Tíortha eile atá ag fáil cúnaimh

Tá ocht dtír chomhpháirtíochta ag Éirinn. Cuirimid maoiniú substainteach ar fáil trí struchtúir rialtais sna tíortha sin chun tacú leis an bhforbairt fhadtéarmach.

Chomh maith leis sin, oibrímid lenár gcomhpháirtithe eile – na NA, gníomhaireachtaí cúnaimh agus comhpháirtithe misinéireachta sa chuid sin den domhan atá i mbéal forbartha.





**Meiriceá Láir:** Tacaíonn Cúnamh Éireann le táirgeoirí caife agus le comharchumainn, ionas go mbeadh ioncam níos fearr acu agus chun gur féidir le hoibreoirí an sochar is fearr a bhaint as cóirthrádáil agus as trádáil eiticiúil.

**An Bhrasaíl:** Cuireann Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil do chláir coisc VEID do dhéagóirí i bpríomhchathracha na Brasaíle.

**Gána:** Cuireann Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil le haghaidh iosta earraí in Accra. Tá sé i gceist an t-iosta seo a bheith ann mar áis i gcás géarchéimeanna móra. I measc na n-earraí a bheidh á stóráil san ionad tá brioscaí ardfhuinnimh, uisce óil agus trealamh leighis a d'fhéadfaí a dháileadh go gasta laistigh de 48 uair an chloig a luaithe is a fhógrófaí éigeandáil.

**Poblacht Dhaonlathach an Chongó:** In 2006, reáchtáil DRC a chéad toghcháin ilpháirtí ó 1960 i leith. Chuir Cúnamh Éireann €1.3 milliún ar fáil chun cuidiú leis an bpróiseas toghchánach.




**Éire:** Tá 130 mac léinn ó thíortha i mbéal forbartha i mbun Comhaltachtaí Staidéir iarchéime in Ollscoileanna in Éirinn a bhuíochas le maoiniú ó Chúnamh Éireann.

**Boisnia-Heirseagovina:** Thacaigh Cúnamh Éireann leis na hiarrachtaí íospairtigh chogadh cathrach na mBalcán a shainaithint agus tá maoiniú á sholáthar aige chun tacú leis an gcóras dlí agus cirt nua ann.

**Darfur:** Cuireann Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil do na Náisiúin Aontaithe agus d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá ag obair i réigiún Darfur na Súdáine agus iad ag soláthar bia, uisce agus fothana do bhreis is 2 mhilliún duine a asáitíodh de bharr na coinbhleachta – os cionn €16 milliún ó 2004 i leith.

**An Aetóip:** Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an gclár cosanta sóisialta ag tabhairt bia do bhreis is 7 milliún Aetópach gach bliain.

**An Áise Thoir Theas:** Tar éis an tsúnámaí san Áise, chuir Cúnamh Éireann €20 milliún ar fáil chun tacú leis na hiarrachtaí fóirithinte agus téarnaimh leanúnacha atá ag tarlú sa réigiún.

**Mósaimbíc:** Sa bhliain 1992, bhí 2,800 bunscoil ann – le cuidiú ó Chúnamh Éireann tá os cionn 8,200 bunscoil ann anois. I 1997, níor chríochnaigh ach 40% de dhaltaí cláraithe a gcuid bunoideachais – anois tá an líon sin ag os cionn 77%.

Leosóta: In 2005, chuir Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil le go dtógfaí 19 droichead do choisithe, 40 córas uisce nua agus 626 caidéal láimhe agus dá bharr sin tá teacht ar áiseanna sláinteachais anois ag daoine i limistéir thuaithe agus i limistéir shléibhtiúla sa tír.

# Cén chaoi a n-oibríonn Cúnamh Éireann?

Oibríonn Cúnamh Éireann ar fud an domhain trí chúnamh a sholáthar sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis.

I gcás éigeandálaí daonnúla, coinníonn Cúnamh Éireann daoine ina mbeatha, a bhuíochas leis an maoiniú a chuirtear ar fáil go gasta chun tacú le heagraíochtaí atá ag feidhmiú sa ghort.

De bhreis air sin, cuidímid le pobail agus le teaghlaigh an saol a atógáil tar éis éigeandála.

Dírítear formhór na hoibre a dhéanann Cúnamh Éireann, ámh, ar an bhforbairt fhadtéarmach, mar a n-oibrímid chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá le bochtaineacht agus le héagothroime.

Tá caidreamh ar leith idir Cúnamh Éireann agus na hocht dtír chomhpháirtíochta - sé cinn díobh san Afraic agus an dá cheann eile san Áise (féach léarscáil). Mar a fógraíodh sa *Pháipéar Bán* beidh an Mhaláiv ar an naoú tír chomhpháirtíochta ag Éirinn gan rómhoill.

Déanaimid é seo mar go bhfuilimid den tuairim nach féidir forbairt a bhaint amach sna tíortha seo ach má bhíonn siad féin i gceannas a bhforbartha féin. Ní sháróidh carthanacht riamh ról an stáit. Ní féidir dul chun cinn marthanach a bhaint amach ach má tá institiúidí an stáit in ann freastal ar riachtanais agus ar ardmhianta a saoránach féin.

> "Tabharfaimid cúnamh chun córais rialtais a thógáil. Tógfaimid an inniúlacht d'fhonn seirbhísí a sheachadadh, a bhainistiú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu. Tabharfaimid tacaíocht d'iarrachtaí chun seasamh i gcoinne na caimiléireachta agus brú a chur ar rialtais a bheith níos freagraí i dtaobh riachtanais a gcuid saoránach. Trí obair a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta, cabhróimid leis na saoránaigh a gcuid riachtanas a chur in iúl."
>
> *– Páipéar Bán um Chúnamh Éireann*

Tríd is tríd, an aidhm atá againn ná cuidiú le pobail feidhmiú níos fearr agus é sin a dhéanamh ach cuidiú le rialtais seirbhísí riachtanacha a sholáthar agus cuidiú le daoine agus le pobail rialtas níos fearr a éileamh.

> "Seasfaidh Éire an fód chun réiteach comhchoiteann agus comhtháite a aimsiú le déileáil leis na fadhbanna is mó, cosúil le bochtaineacht, míshocracht agus coimhlint."
>
> *– Páipéar Bán um Chúnamh Éireann*

Bhí Éire ina ceannródaí san éileamh go mbeadh faoiseamh níos mó ó fhiacha ann, go bhfreagrófaí níos fearr don phaindéim VEID/SEIF, go dtiocfaí ar réitigh ar choinbhleachtaí agus go mbeadh cóirthrádáil ann. D'éiligh Éire go háirithe go ndíreofaí i bhfad níos mó ar an Afraic.

Thacaíomar leis an seasamh seo trí mhaoiniú a mhéadú agus tacú go polaitiúil leis an méid atá á dhéanamh ar fud an domhain maidir leis na saincheisteanna seo, go príomha trí mheán na Náisiún Aontaithe agus a ghníomhaireachtaí éagsúla. Leanfaimid leis an obair ag stocaireacht ar bhonn domhanda ionas go mbeidh tíortha i mbéal forbartha in ann labhairt amach agus aird an domhain a tharraingt ar a gás.

## Tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Forbartha & do Mhisinéirí Éireannacha

Tacaíonn Cúnamh Éireann gach bliain leis an obair a dhéanann gníomhaireachtaí forbartha Éireannacha in os cionn 90 tír ar fud an domhain. In 2006, chuir Cúnamh Éireann breis is **€140 milliún** ar fáil chun tacú le gníomhaireachaí neamhrialtasacha ríthábhachtacha, dála Concern, Trócaire agus Goal. Thar an gcéad chúig bliana eile cuirfidh Cúnamh Éireann isteach is amach le **€1 billiún** ar fáil do na heagraíochtaí forbartha tábhachtacha seo agus don tsochaí shibhialta i dtíortha i mbéal forbartha.

Bhí misinéirí Éireannacha ina gceannródaithe i gcónaí riamh i gcúrsaí cúnaimh forbartha. Le blianta fada anuas thacaigh Cúnamh Éireann lena gcuid oibre agus iad ag feidhmiú sa ghort agus in 2007 dáilfimid **€16 milliún** ar eagraíochtaí misinéireachta Éireannacha, tríd an Irish Missionary Resource Service.

# Tá toradh feiceálach ar ár gcuid oibre

Tá toradh feiceálach marthanach ar ár gcuid oibre le sonrú i roinnt mhaith dár dtíortha comhpháirtíochta.

Seo a leanas atá á bhaint amach le tacaíocht ó Chúnamh Éireann:

> I Limistéar Thuaidh na **Saimbia,** cuireadh i gcrích clár le go dtógfaí tobair agus poill tóraíochta agus anois tá sé seo mar fhoinse inbhuanaithe uisce óil glan do bhreis is 113,000 duine;

> Sa **Mhósaimbíc,** tógadh 83 ionad le foireann, áit a ndéantar tástáil le haghaidh VEID/SEIF agus áit a gcuirtear comhairle ar dhaoine. Bhain os cionn 250,000 duine úsáid as an tseirbhís seo ó 2004 i leith;

> I 1999, bhí 57% de na leanaí i **Leosóta** cláraithe i mbunscoil. Faoi 2003, bhí an figiúr seo ag 82%;

> Tá fáil ag 70% de mhuintir **Uganda** anois ar ionad sláinte bunúsach atá laistigh de 5 Chiliméadar óna dteach agus tá rátaí imdhíonachta do ghalair leanbhaoise anois ag 89% don tír iomlán;

> Idir 2002 agus 2004, earcaíodh 32,000 múinteoir nua agus tógadh 30,000 seomra ranga nua sa **Tansáin.** Tá 95% de na leanaí sa tír cláraithe anois i mbunscoil agus tá an líon céanna cailíní agus buachaillí ag freastal ar scoil;

> Le deich mbliana anuas, glanadh 75 páirc le mianaigh phléascacha i limistéar Niassa sa **Mhósaimbíc** tríd an gcomhpháirtíocht atá againn le Halo Trust;

> In 2005, tógadh 145 bunscoil, 500 tobar agus 100 pointe soláthair uisce i réigiún Tigray i dtuaisceart na **hAetóipe** – rud a thacaíonn le hoideachas a chur ar na mílte Aetópach.

## An Libéir agus Siarra Leon – Ó Choinbhleacht go Síocháin

Faoin mbliain 2003, bhí an Libéir san Afraic Thiar ag teacht as 14 bliain de chogadh cathrach agus de dhrochrialú a scrios an tír. Fuair timpeall 250,000 duine bás agus asáitíodh os cionn 500,000 duine.

Ó síníodh comhaontas síochána i mí Lúnasa 2003, chuidigh oifigigh shíochánachta na NA an tsíocháin leochaileach a chothú sa Libéir. Thacaigh Cúnamh Éireann le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe chun na mílte saighdiúir a dhí-armáil agus a athimeascadh sa phobal – ba leanaí roinnt mhaith de na saighdiúirí sin.

In earrach 2005, chuidigh Cúnamh Éireann leis an bpróiseas toghchánach mar ar toghadh Ellen Johnson-Sirleaf ar an gcéad bhean riamh a bheith ina Ceann Stáit ar ilchríoch na hAfraice.

Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an obair a dhéanann an Chúirt Speisialta i Siarra Leon, ar cuireadh de chúram air an dlí a chur orthu siúd atá ciontach as coireanna i gcoinne an chine daonna. Bhí páirt ag saighdiúirí Éireannacha san aistriú a rinneadh ar iar-Uachtarán na Libéire, Charles Taylor, chuig an gCúirt Speisialta, áit a bhfuil sé á dhíotáil.

Cuidíonn Fórsaí Cosanta na hÉireann agus Cúnamh Éireann leis an tír seo síocháin a dhaingniú i dtíortha eile, daonlathas agus ceartas a chothú agus a chinntiú go dtiocfaidh forbairt ar na tíortha sin sna blianta atá romhainn.



# Cad atá sa Pháipéar Bán?

Nuair a bhí an *Páipéar Bán um Chúnamh Éireann* á cheapadh bhaineamar feidhm as an taithí atá againn le 33 bliain anuas sna cúrsaí seo. Ar an gcéad dul síos, cuireann sé síos ar na nithe atá á ndéanamh againn ar ardchaighdeán agus leanfaimid á ndéanamh. Leagann sé béim ar leith ar airgead an cháiníocóra a chosaint. Ag teacht leis an méadú suntasach ar chaiteachas, tá feidhmeanna monatóireachta agus iniúchta Chúnamh Éireann á dtreisiú.

Chomh maith leis sin, cuireann *An Páipéar Bán* síos ar roinnt tionscnamh nua a chuirfidh go mór leis an méid atá á dhéanamh ag Éirinn ar son na forbartha.

## Tionscnaimh Nua sa Pháipéar Bán

### An Tionscnamh um Fhreagra Gasta

Mar chuid den tionscnamh seo ainmneofar meitheal Éireannach le hardscileanna a bheadh ar fáil i gcás éigeandála, maille le soláthairtí riachtanacha a bheadh in áit roimh ré le go n-úsáidfí iad i gcás tubaiste.

### Tascfhórsa Ocrais

Forbróidh an tascfhórsa seo ról na hÉireann chun dul i ngleic le hocras ainsealach i dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe san Afraic.

### Scoileanna a Nascadh agus an Scéim Tumtha

Cuirfear maoiniú ar fáil faoin scéim seo chun gur féidir le scoileanna Éireannacha naisc a chruthú lena scoileanna contrapháirte sa chuid den domhan atá i mbéal forbartha chun cur leis an gcomhthuiscint eatarthu.

### An tAonad Rialachais i gCúnamh Éireann

Déanfaidh an t-aonad seo maoirseacht ar an obair atá idir lámha chun cuidiú rialtais níos fearr agus níos cuntasaí a chruthú, caimiléireacht a laghdú agus a chinntiú go bhfuil an t-airgead a chuirimid ar fáil á úsáid sna réimsí i mó gátair.

### An tAonad um Réiteach Coinbhleachta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha

Bainfidh an tAonad seo feidhm as an taithí atá ag Éirinn cheana féin i réiteach coinbhleachta ag féachaint le réitigh a fháil ar choinbhleacht atá ann le fada an lá i dtíortha i mbéal forbartha.

Mar chuid de chlár díláraithe an Rialtais beidh Cúnamh Éireann ag bogadh go Luimneach go déanach in 2007. Tarlóidh an t-aistriú ar bhealach pleanáilte céimneach chun ardchaighdeán an chláir a choinneáil.

# Is féidir leat do chion a dhéanamh

## Bí Níos Mó ar an Eolas agus Abair Amach é

Téigh chuig suíomh gréasáin Chúnamh Éireann www.irishaid.gov.ie a chuireann síos go sonrach ar an obair atá á dhéanamh ag Rialtas na hÉireann i dtíortha i mbéal forbartha. Bain úsáid as an eolas seo chun páirt a ghlacadh sa díospóireacht ar chúrsaí forbartha.

Bí mar bhall d'eagraíocht atá ag obair ar oideachas forbartha agus atá ag iarraidh feasacht a spreagadh i leith na forbartha in Éirinn.

Abair amach é.

## Obair Dheonach

In 2007, osclóidh Cúnamh Éireann **Ionad Saorálaíochta agus Eolais Phoiblí** i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Feidhmeoidh an t-ionad mar chroí-ionad do dhaoine a bhfuil spéis acu obair dheonach a dhéanamh thar lear agus mar ionad eolais mar gheall ar chlár Chúnamh Éireann.

Sheol Cúnamh Éireann suíomh gréasáin le déanaí, i gcomhar leis an eagraíocht Éireannach forbartha Comhlámh, do dhaoine a bhfuil spéis acu tabhairt faoi obair dheonach www.volunteeringoptions.ie. Cuireann an suíomh seo liosta cuimsitheach ar fáil de dheiseanna idirnáisiúnta atá ann do dhaoine a bhfuil scileanna éagsúla acu.

Tá roinnt mhaith deiseanna ann freisin obair dheonach a dhéanamh anseo in Éirinn. D'fhéadfá obair i siopaí carthanachta, tacú le carthanacht a roghnaíonn tú féin, obair ar líne ghutháin nó imeachtaí a eagrú chun airgead a bhailiú/feasacht a spreagadh.

## Bronntanas Airgid

Ma chuireann tú airgead ar fáil ar bhonn rialta do ghníomhaireachtaí cúnaimh is féidir leo pleanáil a dhéanamh agus freagairt níos fearr d'éigeandálaí agus maoiniú a chur ar fáil do chláir forbartha fadtéarmacha. Is féidir teacht ar liosta de na gníomhaireachtaí Éireannacha ar www.dochas.ie

## An Chaoi le Cuidiú nuair a tharlaíonn Tubaiste Dhaonnúil Thar Lear

Nuair a tharlaíonn éigeandáil dhaonnúil idirnáisiúnta, mar shampla an súnámaí nó an choinbhleacht in Darfur na Súdáine, is féidir cuidiú ar bhealach an-éifeachtach agus praiticiúil ach airgead a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí cúnaimh a bhfuil sárthaithí acu.

Go minic ceaptar gur chóir earraí a bhailiú agus iad a sheoladh chuig na háiteanna ina dtarlaíonn tubaiste thar lear. Ach an rud is fearr ar fad ná airgead a thabhairt chun gur féidir na nithe is gátaraí a cheannach.

Más gá bia, éadaí agus soláthairtí leighis a chur ar fáil, beidh na Náisiúin Aontaithe agus na mórghníomhaireachtaí Éireannacha in ann bulcsholáthairtí a sholáthar i bhfad níos gasta agus níos saoire.

## Ceannaigh earraí Cóirthrádála agus Eiticiúla

Is féidir leatsa do chuid airgid a chaitheamh ar tháirgí a táirgeadh ar bhealach eiticiúil. Cinntíonn sé seo gur íocadh praghas cóir le gach duine a bhí bainteach leis an bpróiseas táirgthe. Tuilleadh eolais: www.fairtrade.ie

## Tabhair cuairt ar Thíortha i mBéal Forbartha

Tá roinnt mhaith de na tíortha is áille ar domhan ar na tíortha is boichte chomh maith agus tá turasóireacht níos mó is níos mó ina foinse ríthábhachtach ioncaim agus post. Sula dtaistealaíonn tú chuig tíortha dá leithéid, cinntigh go bhfuil sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh agus cinntigh go bhfaigheann tú na hinstealltaí riachtanacha. Bíodh meas agat ar na traidisiúin agus na cultúir áitiúla freisin.



Is féidir an *Páipéar Bán um Chúnamh Éireann* iomlán a íoslódáil ó: www.irishaid.gov.ie/whitepaper

nó téigh i dteagmháil le Cúnamh Éireann (féach sonraí ar an gclúdach cúil) agus seolfaimid cóip chugat agus fáilte.

"Is ann a bheidh Cúnamh Éireann, ar son Mhuintir na hÉireann, agus sinn ag obair chun créachtaí na bochtaineachta agus na héagóra a leigheas i ndomhan atá scoilte in dhá leath: is é sin na daoine a bhfuil deiseanna acu sa saol agus iad siúd nach bhfuil na deiseanna sin acu go fóill."

*– An Páipéar Bán um Chúnamh Éireann*



# Tuilleadh Eolais

Má tá tuilleadh eolais uait faoin obair a dhéanann Cúnamh Éireann amharc ar ár suíomh gréasáin:

**www.irishaid.gov.ie**

nó téigh i dteagmháil leis an Aonad Eolais Phoiblí ag:

Cúnamh Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Cearnóg an Easpaig
Cnoc Réamainn
Baile Átha Cliath 2

R-phost: irishaid@dfa.ie

Páipéar Athchúrsáilte

Cúnamh Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha / Department of Foreign Affairs